

Eleathanach231

Dé Luain 18 Aibreán 2016

The Voice of Ireland

Beidh an chraobh ar siúl Dé Domhnaigh seo chugainn. Bhí caighdeán an-ard ann aréir. Tá ceathrar fágtha sa chomórtas anois. Beidh Nigel McConnell, Michael Lawson, Laura O'Connor agus Kelesa Mulcahy ag canadh sa chraobh anois.

Bhí an-díomá ar Matheus Soares, Emmett Daly, Jasmine Kavanage, agus Moylan Brunnock.

Sheinn Nigel na drumaí do Daniel O'Donnell agus bhí an-áthas ar Daniel! Agus sheinn Nigel na drumaí aréir nuair a chan sé an t-amhrán *In the Air tonight* le Phil Collins.

Mheas na moltóirí go raibh Kelesa thar cionn. Chan sí an t-amhrán *Secret Love Song* le Little Mix. Chan Úna Healy ar an gclár freisin! Go n-éirí le Nigel, Michale, Laura agus Kelesa!



Chan Úna ar an gclár aréir!



Is iad Chris Evans agus Matt le Blanc na láitheoirí!

Top Gear sa Ghaeltacht

An deireadh seachtaine seo caite bhí criú ón gclár cáiliúil teilifíse Top Gear in Éirinn. Is sraith faoi charranna nua agus faoi charranna aisteacha é Top Gear agus bíonn sé le feiceáil ar an BBC. Cuireann Chris Evans agus Matt LeBlanc (a bhí in *Friends*) an seó seo i láthair.

Bhí foireann an chlár ag scannánú in Iarthar Chiarraí. Stop siad ag páirc peile de chuid Chumann Lúthchleas Gael le féachaint ar An Ghaeltacht ag imirt peile.

Beidh na himreoirí sin agus a lán de na radhairc le feiceáil sa chlár. An clár a rinne Top Gear in Éirinn beidh sé le feiceáil ar an teilifís ag tús an tsamhraidh.

Crith Talún

Bhí crith talún in Ecuadór Dé Sathairn. Fuair 272 duine bás agus tá breis is 2 mhíle duine gortaithe. Tá an-chuid daoine anois gan dídean.

Seo an crith talún is measa in Ecuadór leis na blianta. Bhí crith talún uafásach sa tír sa bhliain 1987. Fuair 1,000 duine bás.

Tá a lán saighdiúirí agus póilíní ann chun cabhrú le daoine. Tá rialtais ó thíortha eile, m.sh, an Spáinn, Meicsiceo, an tSile, ag cabhrú freisin.

Bhí eagla ar dhaoine go mbeadh súnámaí ann ach ní tharlóidh sin anois.

